| RABHADH<br>Ní mór duit an páipéar seo a thabhairt ar ais le do fhreagarleabhar, nó caillfear marcanna. |
|---|

| Scrúduimhir an Iarrthóra<br>☞ |
|---|

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2014

# STAIDÉAR GNÓ – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR I

DÉ MÁIRT 10 MEITHEAMH 2014 – MAIDIN 9.30 – 12.00

## ROINN A

**(80 marc)**

- Tá 4 mharc ag gabháil le gach ceist i Roinn A.
- Freagair **GACH** ceist.
- Bronnfar marcanna ar obair, ar leagan amach agus ar chur i láthair, mar aon le fóiliónna agus dátaí de réir mar is cuí.
- Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
- Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

# ROINN A

## (80 marc)

**Freagair an 20 ceist ar fad. Tá 4 mharc ag gabháil le gach ceist.**

---

**1.** Úsáidtear na ceannlitreacha seo a leanas i gcúrsai Leabharchoimeádta. Cad dóibh a seasann siad?

| | |
|---|---|
| **C/S** | |
| **Sr** | |
| **MLG** | |

**2.** Sainaithin sampla **amháin** de Asbhaint Reachtúil agus sampla **amháin** de Asbhaint Shaorálach ó phá on fhostaí.

| | |
|---|---|
| **ASBHAINT REACHTÚIL** | |
| **ASBHAINT SHAORÁLACH** | |

**3.** Líon na **trí** bhosca bhána atá uimhrithe **(i)** go **(iii)** chun an Cuntas Trádála seo a leanas a chomhlánú:

| **Cuntas Trádála don bhliain dar chríoch 31/12/2013** | | | |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| Diolacháin | | | 480,000 |
| Stoc (01/01/13) | | **(ii)** | |
| **(i)** | 346,000 | | |
| Carraeireacht Isteach | 4,000 | 350,000 | |
| | | 390,000 | |
| Stoc (31/12/13) | | 60,000 | 330,000 |
| **(iii)** | | | 150,000 |

**4.** Tá na figiúirí seo a leanas sna Cuntais Chríochnaitheacha ag cuideachta:

**Brabús Comhlán €120,000** **Costais Díolachán €480,000**

Ríomhtar an Brabús Comhlán faoin gcéad mar seo a leanas: $\frac{\text{Brabús Comhlán}}{\text{Díolacháin}} \times \frac{100}{1}$

Agus tú ag baint úsáide as na figiúirí thuas, ríomh an Brabús Comhlán faoin gcéad.
Taispeáin do chuid oibre.

| **Freagra**: |
|---|
| % |

| Obair: |
|---|
| |

**5.** Mínigh an téarma 'Córas Geilleagair Measctha'.

**6.** Ar an 8 Meitheamh 2014, dhíol D. Ó Ceallaigh, úinéir bialainne, trealamh ar €3,300 airgead tirim.

Comhlánaigh **cuntais mhórleabhair D. Uí Cheallaigh,** ag taispeáint ainmneacha na gcuntas agus na sonraí ábhartha, uimhrithe ó **(i)** go **(iv)**:

**(i) Cuntas** ____________________

Dr Sr

| Dáta | Sonraí | € | Dáta | Sonraí | € |
|---|---|---|---|---|---|
| 2014 Meith 8 | **(ii)** | 3,300 | | | |

**(iii) Cuntas** ____________________

Dr Sr

| Dáta | Sonraí | € | Dáta | Sonraí | € |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | 2014 Meith 8 | **(iv)** | 3,300 |

**7.** Comhlánaigh **agus** comhardaigh an Cuntas Rialacháin Féichiúnaithe ar an 31 Bealtaine 2014 ón eolas seo a leanas:

| | € |
|---|---|
| Iarmhéid na bhFéichiúnaithe ar an 1 Bealtaine 2014 | 2,100 |
| Díolacháin chreidmheasa iomlána i mí na Bealtaine | 8,500 |
| Airgead tirim iomlán a fuarthas ó fhéichiúnaithe i mí na Bealtaine | 9,120 |

| Dr | | **Cuntas Rialacháin Féichiúnaithe** | | | Sr |
|---|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | € | Dáta | Sonraí | € |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |

**NÓ (Formáid Mhalartach)**

| **Cuntas Rialacháin Féichiúnaithe** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | Dr | Sr | Iarmhéid |
| | | € | € | € |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

**8.** Mínigh an téarma 'Taighde Margaidh'.

**9.** Cuir tic (✓) sna colúin chuí chun a thaispeáint cén áit sna cuntais chríochnaitheacha ba cheart na míreanna seo a leanas a iontráil ar an 31/12/2013:

| | **Cuntas Tradála** | **Cuntas Brabúis agus Caillteanais** | **Clár Comhardaithe** |
|---|---|---|---|
| Creidiúnaithe | | | |
| Dleachtanna Allmhairíochta | | | |
| Dímheas Mótarfheiclí | | | |

**10.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** mhodh a mbainfeadh gnólacht úsáid astu chun creidiúnacht custaiméara nua a mheas.

(i) ______________________________

______________________________

(ii) ______________________________

______________________________

**11.** Iontráil na hiarmhéideanna seo a leanas i Leabhar Cúnta Ginearálta Nelson Tta atá páirtchomhlánaithe:

| | | |
|---|---|---|
| 1 Eanáir 2014 | Foirgnimh | €370,600 |
| | Féichiúnaithe | €8,800 |
| | Gnáth-Scairchaipiteal | €377,300 |

| **Nelson Tta – Leabhar Cúnta Ginearálta** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | F | Dr | Sr |
| | | | € | € |
| | Rótharraingt Bhainc | $LA_1$ | | 2,100 |
| | Foirgnimh | $MLG_1$ | | |
| | Féichiúnaithe | $MLF_1$ | | |
| | Gnáth-Scairchaipiteal | $MLG_2$ | | |
| | *Sócmhainní, Fiachais agus Scairchaipiteal Nelson Tta ar an dáta seo.* | | | |

**12.** (i) Ríomh an praghas aonaid ar **gach** bosca arbhair díobh seo a leanas:

| TOISE | PRAGHAS | MEÁCHAN | PRAGHAS AONAID |
|---|---|---|---|
| **BEAG** | €1.74 | 280 g | |
| **MEÁNMHÉID** | €4.47 | 750 g | |
| **MÓR** | €5.80 | 1 kg | |

Obair:

(ii) Ríomh cén toise bosca is fearr a bhfuil luach an airgid le fáil air?

**13.** Mínigh **dhá** chúis go n-ullmhaíonn Rialtas Buiséad Náisiúnta.

(i) ______________________________

______________________________

(ii) ______________________________

______________________________

**14.** Taistealaíonn veain cuideachta 684 ciliméadar chun a earraí a sheachadadh.

Is féidir leis an veain díosail 38 ciliméadar a thaisteal do gach lítear. Cosnaíonn an díosal €1.46 ar gach lítear.

Ríomh costas iomlán an díosail chun na hearraí seo a sheachadadh.

Taispeáin do chuid oibre.

**Freagra**:

€

Obair:

**15.** (i) Cad dó a seasann na ceannlitreacha **OTN**?

________________________________________

(ii) Ba é an OTN sa bhliain 2012 ná €1,100 milliún.
Sa bhliain 2013, bhí sé cothrom le €1,122 milliún.

Ríomh an ráta forbartha geilleagair ó 2012 go dtí 2013:
(Taispeáin do chuid oibre.)

| Obair: |
|---|
| |

| **Freagra**: |
|---|
| |

**16.** Cuir tic (✓) sna colúin chuí chun a thaispeáint cé acu gearrthéarmach, meántéarmach nó fadtéarmach na foinsí airgeadais seo a leanas.

| **Foinse Airgeadais** | **Gearrthéarmach** | **Meántéarmach** | **Fadtéarmach** |
|---|---|---|---|
| Léasú | | | |
| Rótharraingt Bhainc | | | |
| Morgáiste | | | |

**17.** Líon an **dá** bhosca bhána atá uimhrithe **(i)** agus **(ii)** chun an Cuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais a chomhlánú ón eolas seo a leanas:

| **Cuntais Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais do na blianta 2012-2013** | | |
|---|---|---|
| | **2012** | **2013** |
| Iarmhéid Tosaigh Cúlchistí | **(15,000)** | **(i)** |
| Móide Aistriú Bliantúil go dtí Cúlchistí | **5,000** | **6,000** |
| Iarmhéid Cúlchistí Deiridh | **(10,000)** | **(ii)** |

**18.** I **gColún 1** tá liosta téarmaí a bhaineann le hárachas. I **gColún 2** tá liosta ráiteas ar féidir iad a mheaitseáil leis na téarmaí úd. *(Tá ráiteas amháin díobh nach mbaineann le téarma árachais ar bith.)*

| **Colún 1 – Téarmaí Árachais** | **Colún 2 – Ráitis** |
|---|---|
| **1.** Achtúire | **A.** Ni féidir brabús a dhéanamh ar árachas |
| **2.** Slánaíocht | **B.** Ríomhann an méid cúitimh |
| **3.** Prionsabal na Ranníocaíochta | **C.** Ríomhann méid na préimhe |
| | **D.** Baineann leis an gcás nuair a bhíonn dhá árachóirí nó níos mó i gceist |

Meaitseáil an dá liosta trí litir an ráitis atá ceart a chur faoin uimhir ábhartha thíos.

| **1.** | **2.** | **3.** |
|---|---|---|
| | | |

**19.** Iontráil an beart seo a leanas i Leabhar Aischur Isteach Macy Tta:

Ar 9 Bealtaine 2014, chuir Dollaí Tta earraí €5,200 ar ais chuig Macy Tta (Nóta Creidmheasa Uimh. 5). Is é an ráta CBL ar na hearraí seo ná 23%.

| **Macy Tta – Leabhar Aischur Isteach** | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | NC Uimh. | F | Glan € | CBL € | Iomlán € |
| | | | | | | |

**20.** Mínigh an téarma ‘Fiontraí’.

## Le húsáid le Roinn B - Ceist 1(A)

## Buiséad Pleanáilte do Theaghlach de Paor don bhliain 2015

| | Ean | Feabh | Már | Iomlán Ean-Már | Measta Aib-Noll | Iomlán don bhliain Ean-Noll |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **IONCAM PLEANÁILTE** | € | € | € | € | € | € |
| Tuarastal Mhairéad de Paor | 1700 | 1700 | 1700 | 5100 | | |
| Pá Phádraig de Paor | 1200 | 1200 | 1200 | 3600 | | |
| Sochar Leanaí | 280 | 280 | 280 | 840 | | |
| **IONCAM IOMLÁN** | 3180 | 3180 | 3180 | 9540 | | |
| **CAITEACHAS PLEANÁILTE** | | | | | | |
| ***Seasta*** | | | | | | |
| Árachas tí bliantúil | | 720 | | 720 | | |
| Árachas gluaisteáin | 60 | 60 | 60 | 180 | | |
| Morgáiste | 900 | 900 | 900 | 2700 | | |
| **Fo-iomlán** | 960 | 1680 | 960 | 3600 | | |
| ***Neamhrialta*** | | | | | | |
| Teileafón | 60 | 210 | 60 | 330 | | |
| Costais solais agus teasa | 135 | | 135 | 270 | | |
| Costais reatha gluaisteáin | 140 | 140 | 140 | 420 | | |
| Costais teaghlaigh | 620 | 620 | 620 | 1860 | | |
| **Fo-iomlán** | 955 | 970 | 955 | 2880 | | |
| ***Roghnach*** | | | | | | |
| Costais siamsaíochta | 90 | 120 | 110 | 320 | | |
| Saoire | | | 1000 | 1000 | | |
| Maisiú tí | | | 2200 | 2200 | | |
| **Fo-iomlán** | 90 | 120 | 3310 | 3520 | | |
| **CAITEACHAS IOMLÁN** | 2005 | 2770 | 5225 | 10000 | | |
| Airgead Tirim Glan | 1175 | 410 | (2045) | (460) | | |
| Airgead Tirim Tosaigh | 50 | 1225 | 1635 | 50 | | |
| Airgead Tirim Deiridh | 1225 | 1635 | (410) | (410) | | |

**Le húsáid, más gá, le haghaidh obair gharbh i Roinn B - Ceist 1(A)**

| IONCAM | CAITEACHAS SEASTA |
|---|---|
| **Tuarastal Mháiréad de Paor**: | **Árachas bliantúil tí**: |
| **Pá Phádraig de Paor**: | **Árachas gluaisteáin**: |
| **Sochar Leanaí**: | **Morgáiste**: |
| **CAITEACHAS NEAMHRIALTA** | **CAITEACHAS ROGHNACH** |
| **Teileafón**: | **Costais siamsaíochta**: |
| **Costais solais agus teasa**: | **Saoire**: |
| **Costais reatha gluaisteáin**: | **Maisiú tí**: |
| **Costais teaghlaigh**: | |

## Le húsáid agus tú ag freagairt Roinn B - Ceist 1 (B)

**(B)**

| (i) Mínigh an difríocht idir 'tuarastal' agus 'pá' i mBuiséad Teaghlaigh de Paor. | Don Oifig Amháin | |
|---|---|---|
| **Freagra**: | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

| (ii) Ag deireadh Mhárta 2015, cad é an iarmhéid deiridh airgid thirim a bhfuil súil ag teaghlach de Paor leis? | Don Oifig Amháin | |
|---|---|---|
| **Iarmhéid**: **€** | | |

| (iii) Tabhair breac-chuntas ar mhodh **amháin** chun déileáil leis an staid shealadach seo ag deireadh Mhárta 2015, muna bhfuil rótharraingt bhainc ar fáil do theaghlach de Paor. | Don Oifig Amháin | |
|---|---|---|
| **Modh**: | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

## Le húsáid agus tú ag freagairt Roinn B - Ceist 4(A)(iv)

## Admháil

| **ÓSTÁN RADHARC AN CHUAIN** | **Acaill, Co. Mhaigh Eo** **Teileafón: (098) 591961** | **ADMHÁIL Uimh.** | |
|---|---|---|---|
| **Dáta:** | | | |
| **Fuarthas ó:** | | | |
| **An tSuim:** | | **€** | |
| | | | |
| **Le Buíochas** | Sínithe: ____________________________ | **Rannóg Airgeadais** | |

Leathanach Bán

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2014

# STAIDÉAR GNÓ – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR I

DÉ MÁIRT 10 MEITHEAMH 2014 – MAIDIN 9.30 - 12.00

# ROINN B

**(160 marc)**

- Ta 40 marc ag gabháil le **GACH** ceist.
- Freagair **CEITHRE** cheist ar bith.
- Bronnfar marcanna ar obair, ar leagan amach agus ar chur i láthair, mar aon le fóilíónna agus dátaí de réir mar is cuí.
- Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
- Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

**1.** **Ceist í seo faoi Bhuiséad Teaghlaigh**.

***Freagair gach cuid den cheist seo***:

**(A)** Ar *leathanach 9 de Roinn A* tá Foirm Bhuiséid do theaghlach de Paor atá páirt-chomhlánaithe don bhliain 2015. Iarrtar ort na figiúirí a líonadh isteach sna colúin 'Meastachán Aib - Noll' agus 'Iomlán don Bhliain Ean - Noll' chun an fhoirm seo a chomhlánú.

*(**Nóta**: tá leathanach curtha ar fáil d'obair gharbh ar leathanach 10 de Roinn A, má bhíonn sé ag teastáil.)*

Ba cheart an t-eolas seo a leanas a chur san áireamh:

- Tá Máiréad ag súil le hardú tuarastail de 5% ó 1 Meán Fómhair.
- Beidh postroinnt ag Pádraig ó 1 Deireadh Fómhair agus dá bharr san tiocfaidh laghdú 45% ar a pha ón data sin.
- Tá beirt pháistí i dteaghlach de Paor. Beidh laghdú ar shochar leanaí gach páiste díobh go dtí €130 gach mí ó 1 Aibreán.
- Tá árachas gluaisteáin iníoctha go míosúil agus tiocfaidh méadú air go €85 in aghaidh na míosa ó 1 Samhain mar tá sé pleanáilte acu an mac is sine a chlúdach faoi árachas gluaisteáin an teaghlaigh ar a 17ú breithlá.
- Beidh an morgáiste tí íoctha go hiomlán tar éis íocaíocht mhí Dheireadh Fómhair.
- Ceaptar go gcosnóidh fón póca €50 in aghaidh na míosa ó 1 Aibreán. Cosnóidh fón baile €150 ar 1 Aibreáin agus gach dara mí ina dhiaidh sin.
- Meastar gur €910 a chosnóidh solas agus teas don dá mhí dhéag (Ean - Noll).
- Ceaptar go bhfanfaidh costais reatha gluaisteáin ag €140 in aghaidh na míosa ach beidh costas breise ann de €180 le haghaidh seirbhíse gluaisteáin i mí Dheireadh Fómhair.
- Ceaptar go bhfanfaidh costais teaghlaigh ar an leibhéal céanna, ach amháin i mí Lúnasa, nuair a thiocfaidh laghdú de 60% orthu.
- Cosnóidh siamsaíocht €115 in aghaidh na míosa ar an meán sna naoi mí dheiridh den bhliain.
- Ceaptar go gcosnóidh saoire teaghlaigh de Paor, i mí Lúnasa, €2,600. Caithfear an fuíollach a íoc i mí Iúil.
- Níl a thuilleadh maisiú tí pleanáilte in 2015.

(30)

**(B)** Freagair na ceisteanna seo a leanas ar *leathanach 11 de Roinn A*:

(i) Mínigh an difríocht idir 'tuarastal' agus 'pá' i mBuiséad Teaghlaigh de Paor.

(ii) Ag deireadh Mhárta 2015, cad é an iarmhéid deiridh airgid thirim a bhfuil súil ag teaghlach de Paor leis?

(iii) Tabhair breac-chuntas ar mhodh **amháin** chun déileáil leis an staid shealadach seo ag deireadh Mhárta 2015, muna bhfuil rótharraingt bhainc ar fáil do theaghlach de Paor.

(10)
**(40 marc)**

**2.** **Ceist í seo ar Chuntas Club**.

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

Bhí na Sócmhainní, agus na Fiachais seo a leanas, ag Club Rugbaí KJ, An Brú, Co. Luimnigh, ar an 01/01/2013:

Clubtheach €440,000 Airgead Tirim €6,100 Iasacht Fhadtéarma €66,000 Mionbhus €45,000.

Seo thíos achoimre ar bhearta airgeadais an Chlub don bhliain dar chríoch 31/12/2013:

| **Fáltais**: | **€** |
|---|---|
| Urraíocht Bhliantúil | 2,300 |
| Táillí Iontrála Tag | 8,470 |
| Lató Club | 4,450 |
| Síntiúis | 16,300 |
| | |
| **Íocaíochtaí**: | **€** |
| Ceannachán Trealaimh | 24,000 |
| Costais Tag | 4,260 |
| Solas agus Teas | 1,890 |
| Árachas | 3,780 |
| Costais Ghinearálta | 3,140 |

Eolas breise ar an 31/12/2013:

(i) Síntiúis réamhíoctha €400

(ii) Solas agus Teas dlite €190

(iii) Árachas reamhíoctha €530

(iv) Trealamh le dímheas de 15%

(v) Mionbhus le dímheas de 20%

**(A)** Ullmhaigh ráiteas ag ríomh Ciste Carntha an Chlub ar an 01/01/2013.

(6)

**(B)** Ullmhaigh:

(i) Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí don bhliain dar chríoch 31/12/2013.

(ii) Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar chríoch 31/12/2013.

(29)

**(C)** Ainmnigh **dhá** shócmhainn agus fiachas **amháin** atá ag Club Rugbaí KJ ar an 31/12/2013.

(5)

**(40 marc)**

3. **Baineann an cheist seo le Boilsciú agus le Trádáil**.

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

**(A)** Meastar go mbeidh boilsciú 3% in Éirinn i 2014.

(i) Mínigh an téarma 'boilsciú'.

(ii) Sainaithin an tomhas oifigiúil ar bhoilsciú in Éirinn.

(iii) Luaigh **dhá** chúis le boilsciú.

(iv) Luaigh **dhá** bhuntáiste do gheilleagar na hÉireann de bharr ráta íseal boilscithe i 2014.

(17)

**(B)** Tá trádáil idirnáisiúnta riachtanach do bhiseach a theacht ar Gheilleagair na hÉireann.

(i) Déan idirdhealú idir onnmhairí sofheicthe agus onnmhairí dofheicthe.
Bain úsáid as sampla **amháin** de **gach** ceann díobh chun do fhreagra a mhíniú.

(ii) Baineann na sonraí seo a leanas le trádáil idirnáisiúnta tíre don bhliain 2013:

| | **€** |
|---|---|
| Allmhairí Sofheicthe | 1,150 milliún |
| Onnmhairí Dofheicthe | 1,380 milliún |
| Onnmhairi Sofheicthe | 1,250 milliún |
| Allmhairi Dofheicthe | 1,300 milliún |

(a) Ós na sonraí thuas, ríomh Comhardú na Trádála **agus** Comhardú na n-Íocaíochtaí. Taispeáin do chuid oibre.

(b) Luaigh i **ngach** cás cé acu comhardú barrachais nó comhardú easnaimh atá ann.

(16)

**(C)** Tá tacadóir sacair ag taisteal go dtí an Bhrasaíl le haghaidh Chluichí Ceannais Chorn an Domhain 2014. Téann sí go dti a banc áitiúil chun na rátaí malairte reatha a sheiceáil ar an 1 Bealtaine 2014 agus ar an 9 Meitheamh 2014.
Feiceann sí na rátaí seo a leanas luaite:

| **DÁTA** | **AIRGEADRA** | **DÍOLANN AN BANC** | **CEANNAÍONN AN BANC** |
|---|---|---|---|
| **1 Bealtaine 2014** | Real Brasaíle | 2.95 | 3.05 |

| **DÁTA** | **AIRGEADRA** | **DÍOLANN AN BANC** | **CEANNAÍONN AN BANC** |
|---|---|---|---|
| **9 Meitheamh 2014** | Real Brasaíle | 3.10 | 3.25 |

Teastaíonn uaithi €3,500 a mhalartú. De bharr an t-athrú ar na rátaí malairte, ríomh an difríocht idir an méid Real Brasaíle a gheobhadh sí ar an 1 Bealtaine 2014 agus ar an 9 Meitheamh 2014. Taispeáin do chuid oibre.

(7)

**(40 marc)**

**4.** **Ceist í seo a bhaineann le Tomhaltóirí**.

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

Foilsíodh an fógra seo a leanas ar nuachtán:

**Óstan Radharc an Chuain**
**Acaill**
**Co. Mhaigh Eo**

## Tairiscint Speisialta an Fhómhair

4 Lóistín Óíche agus 4 Dhinnéar: €315

An 5ú Lóistín Oíche agus Dinnéar SAOR IN AISCE

Bealach Isteach Díreach go dti an Trá (Bratach Ghorm)

Fruiliú saor in aisce rothair do lá amháin chun rothaíocht ar an mBealach Ghlas

Glaoigh ar (098) 591961

*nó* r-phost ostanradharcanchuain@snamh.com

Ar an 1 Meitheamh chuir Róisín Ní Choileáin, Sráid Mór, Guaire, Co. Loch Garman, glaoch teileafóin ar an mBainisteoir, Valearaí Ní Eidhin, agus dhearbhaigh Valearaí go raibh lóistín le fáil ón 5 - 9 Deireadh Fómhair 2014. Chuir Róisín seomra dúbailea le radharc an chuain in áirithe. Dhearbhaigh sí go raibh sí ag cur an seomra in áirithe le héarlais €63 neamh-in-aisíoctha agus bhain sí úsáid as a Cárta Dochair Visa (Laser).

Scríobh Róisín chuig an mBainisteoir an tráthnóna sin ag cinntiú go raibh sí ag cur seomra in áirithe agus ag iarraidh admhála le haghaidh a héarlais.

**(A)** (i) Scríobh an litir a sheol Róisín chuig Bainisteoir Óstan Radharc an Chuain.

(ii) Mínigh conas a oibríonn Cárta Dochair Visa (Laser) sa chás thuas.

(iii) Mínigh an téarma 'éarlais neamh-in-aisíochta'.

(iv) Comhlán an Adhmáil Uimh. 53 eisithe ag Aindrias Ó hÉanaí, Rannog Airgeadais, chuig Róisín ar an 4 Meitheamh 2014 *ar leathanach 11 de Roinn A*. (34)

Nuair a shroich Róisín agus a fear céile an t-óstán fuair síad amach nach raibh bealach isteach díreach ón óstán go dtí an trá, agus go raibh aistear fiche noiméad le siúl. Bhí an-díomá orthu.

**(B)** (i) Ainmnigh an dlí tomhaltóra a bhainean leis an gcás seo.

(ii) Luaigh an prionsabal ábhartha dlí tomhaltóra a sáraíodh.

(6)
**(40 marc)**

5. **Ceist í seo ar Bhaincéireacht**.

***Freagair gach cuid den cheist seo***:

Tá cuntas ag Dáithí Mac Cárthaigh le AIB, Inis, Co. an Chláir.

Fuair sé an Ráiteas Bainc seo a leanas ar an 4 Meitheamh 2014:

| **AIB**<br>**Sráid na Bainríona**<br>**Inis** | **Ráiteas Cuntais** | Teil: 065 - 265397<br>Facs: 065 - 265399<br>Cód an Bhrainse: 93-71-13<br>Cód Aitheantais an Bhrainse: AIBENIE4D |
|---|---|---|
| An tUasal Dáithí Mac Carthaigh<br>Bóthar an Tulaigh<br>Inis | **Ainm an Chuntais**: Dáithí Mac Cárthaigh Cuntas Uimh. 1<br>**Uimhir an Chuntais** 548121960<br>**UICB**: IE39 AIBEN 9371548121960<br>**Dáta an Ráitis**: 31 Bealtaine 2014<br>**Uimhir an Ráitis**: 535 | |

| **Dáta** | **Sonraí Bearta** | **Dr** | **Sr** | **Iarmhéid** |
|---|---|---|---|---|
| | | € | € | € |
| 01 Bealtaine 2014 | Iarmhéid ar Aghaidh | | | 260.00 |
| 04 Bealtaine 2014 | BO - Morgáiste | 590.00 | | 330.00 DR |
| 07 Bealtaine 2014 | DD - Airtricity | 178.00 | | 508.00 DR |
| 12 Bealtaine 2014 | Pá-chonair | | 1200.00 | 692.00 |
| 15 Bealtaine 2014 | IL-Visa AIB | 340.00 | | 352.00 |
| 17 Bealtaine 2014 | Seic Uimh. 530059 | 122.00 | | 230.00 |
| 21 Bealtaine 2014 | Aistriú Chreidmheasa | | 175.00 | 405.00 |
| 29 Bealtaine 2014 | Taillí Bhainc | 14.50 | | 390.50 |
| 31 Bealtaine 2014 | Ús | 3.50 | | 387.00 |

**(A)** (i) Cé acu cuntas taisce nó cuntas reatha atá ag Dáithi?
Tabhair cúis **amháin** le do fhreagra.

(ii) Mínigh an difríocht atá idir na bearta ar an 4 Bealtaine 2014 agus ar an 7 Bealtaine 2014.

(iii) Mínigh cén fáth go bhfuil 'DR' sa cholún Iarmhéid ar an 4 Bealtaine 2014 agus ar an 7 Bealtaine 2014.

(iv) Mínigh 'Pá-chonair' agus luaigh **dhá** bhuntáiste a thugann 'Pá-chonair' do Dháithí.

(v) Mínigh an beart ar an 15 Bealtaine 2014.

(vi) Cad dó a seasann na ceannlitreacha 'UMB'? Mínigh **dhá** sheirbhís atá le fáil ag Dáithí tríd an UMB.

(vii) Luaigh cúis **amháin** go bhfuil ús €3.50 ar an Ráiteas Bainc ar an 31 Bealtaine 2014.

(29)

**(B)** (i) Níl an dá mhír seo a leanas ar Ráiteas Bainc Dháithí:

- seic (Uimh. 530510) le haghaidh €178 scríofa ag Dáithí ar an 25 Bealtaine 2014.
- Aistriú creidmheasa €190 go dtí cuntas Dháithí ar an 31 Bealtaine 2014.

Ríomh a iarmhéid bainc deiridh tar éis an **dá** mhír thuas a chur san áireamh. Taispeáin do chuid oibre.

(ii) Tá sé bearthaithe ag Dáithí airgead a chur i dtaisce i gcóir filleadh ar choláiste in 2016.

Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thosca ar cheart do Dháithí smaoineamh orthu sula ndéanann sé cinneadh ar cá n-infheisteoidh sé a chuid airgid.

(11)

**(40 marc)**

6. **Baineann an Cheist seo le Teicneolaíocht Faisnéise agus le hIasacht**.

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

D'fhógair Sogra Tta an ríomhaire glúine seo a leanas in a chatalóg idirlín:

<u>Ríomhaire Glúine</u> Faiseanta PH
<u>Scáileán</u> 15.6'
<u>CRR</u> 8 GB
1 TB <u>Tiomáint Crua</u>
<u>WiFi</u> ar fáil
<u>DVD</u>
Printéir gan Sreang saor in aisce



**An praghas €450, CBL agus Seachadadh san áireamh,**
**nó**
**36 tráthchodanna de €15 le híoc go míosúil.**

**(A)** (i) Mínigh **trí** cinn de na téarmaí a bhfuil líne futhu.
(ii) Sainaithin **trí** shaghas bogearraí a gheofaí leis an ríomhaire glúine seo, b'fhéidir.
(15)

**(B)** Tá Gráinne Ni Dhubhda ag tosú ar a sraith shinsearach (Ardteistiméireacht) i mí Mheán Fómhair 2014 agus tá sé socraithe ag a tuismitheoirí an Ríomhaire Glúine PH atá fógraithe a cheannach.

(i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste atá ag an ríomhaire glúine seo do:

- Ghráinne Ní Dhubhda ar a sraith shinsearach (Ardteistiméireacht).
- Theaghlach Uí Dhubhda.

(ii) Tá na roghanna íocaíochta seo a leanas acu:

Rogha 1: An Tairiscint Íocaíochtaí Míosúla (ar feadh 3 bliaina) atá fógraithe thuas.

Rogha 2: Iasacht Oideachais Speisialta an Chomhar Creidmheasa áitiúil: €450 ag 6.5% RCB ar feadh 3 bliaina, agus méid na hiasachta ag laghdú de €150 gach bliain.

(a) Ríomh costas iomlán **gach** rogha díobh. Taispeáin do chuid oibre.

(b) Cé acu rogha díobh a mholfá? Tabhair cúis **amháin** le do fhreagra. (25)

**(40 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD ROINN 'A' A CHUR AR AIS**
**LE DO FHREAGARLEABHAR**

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán